# IRISH / GAEILGE

# LEAVING CERTIFICATE

# HIGHER LEVEL

# PODCAST 1

# TRANSCRIPTS (SOUTHERN AND NORTHERN DIALECTS)

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: www.learnforeignlanguageskills.com
audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

# Track 1 – Southern dialect

## CUID A

### Fógra 1

Tá sé fógartha ag Ryanair go bhfuil siad ag tógáil cás cúirte in aghaidh gníomhaireacht taistil in Éirinn. Dar le Ryanair, go bhfuil Budget Travel ag tógáil eolais ó láithreán gréasáin Ryanair agus ag díol na n-eitiltí sin ar phraghsanna níos airde. Dúirt Ryanair gur thug siad spreagadh agus cead do shuímh a dhéanann comparáid idir praghsanna, breathnú ar a bpraghsanna féin ach nach raibh aon aontú acu le Budget Travel. Dar le Stephen McNamara, urlabhraí Ryanair, ní raibh an dara rogha acu ach dul i muinín an dlí chun an scéal a chur ina cheart.

### Fogra 2

Bhí an Taoiseach Enda Kenny i láthair inné nuair a fógraíodh go mbeidh Paypal, an comhlacht Ríomhaireachta, ag fostú 1,000 duine breise i nDún Dealgáin, i gContae Lú go luath amach anseo. Tá níos mó ná 1,500 duine fostaithe ag Paypal cheana féin ag an gceannáras Eorpach, atá suite i mBaile Bhlainséir, i mBaile Átha Cliath. Tuigtear go mbainfidh na poist nua seo le hionaid chúraim do chustaiméirí agus go gcuirfear tús leis an bpróiseas earcaíochta le linn an tsamhraidh seo chugainn. Bunaíodh Paypal sa bhliain 1998. Tá breis agus 123 mhilliún custaiméir aige go dtí seo, in 103 margadh éagsúla ar fud na cruinne.

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

# Track 2 – Southern dialect

## CUID B

**Comhrá a hAon**

**An Chéad Mhír**

Cathal: Tar anseo, a Mháire. Ar chuala tú an scéal is déanaí faoi Sheán Ó Dónaill? Roghnaíodh é d'fhoireann iománaíochta na scoile inné. Cad é do thuairim faoi sin?

Máire: Rinne siad an rud ceart gan aon amhras. Gach uair a fheicim Seán is amuigh a bhíonn sé ag traenáil go dícheallach sa pháirc.

Cathal: Ní raibh sé ag traenáil aréir agus bhí an múinteoir spóirt ag iarraidh fáil amach cad ina thaobh. Tá cluiche an-tábhachtach againn an Satharn seo chugainn agus bhí gach duine ag traenáil aréir ach amháin Seán Ó Dónaill! Is cladhaire díomhaoin é an buachaill sin!

Máire: Ní cladhaire ar bith é, a Chathail. Is leaid é chomh breá agus a chonaic mé riamh!

Cathal: A Thiarna, a Mháire, céard tá á rá agat!

Máire: Tá mé a rá leat go bhfuil Seán agus mé féin ag siúl amach le chéile.

Cathal: Tá tusa ag siúl amach le Seán, *(le díomá ina ghuth)* a Mháire!

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

**An Dara Mír**

Máire: Tá. Tá muid le chéile le cúpla seachtain anois?

Cathal: Le Seán, muise, cheap mé go raibh níos mó den chiall agat ná sin, a Mháire! Agus inis dom an méid seo an raibh Seán leatsa aréir ?

Máire: Bhí. Chuaigh muid chun an scannán nua sin “Men in Black a Trí” a fheiceáil.

Cathal: Cén fáth go ndeachaigh sibh go scannán i lár na seachtaine?

Máire: Thaitin an scannán go mór linn agus ba é mo bhreithlá freisin é! Ní dhearna Seán, ar a laghad, dearmad air sin, a Chathail!

Cathal: Nach bhfuil a fhios agatsa go mbeidh cluiche cheannais againn an Satharn seo chugainn agus Seán amuigh ag déanamh aeir leatsa in ionad bheith ag traenáil don chraobh?!

Máire: Spórt, spórt, spórt, an mbéarfaidh tú féin greim ar an bheagán céille a d’fhág Dia agatsa? Ní bheidh an fhoireann scoile thíos ná thuas má chaitheann Seán cúpla uair i bpictiúrlann an bhaile liomsa!

Cathal: O a Thiarna, is tú an duine is ceanndána ar a bhfaca mé riamh! Ní bheidh mé ag cur mo chuid ama amú a thuilleadh ag caint leatsa faoi rudaí nach dtuigfeása choíche!

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

**Comhrá a Dó**

**An Chéad Mhír**

Cathal: Haigh, a Mháire, is deacair liom na haistí mallaithe sin a tugadh dúinn a scríobh.

Máire: Cén fáth, a Chathail. Tá dhá cheann scríofa agam cheana féin agus tá sé ar intinn agam an tríú ceann a thosú anocht? Tá an chéad cheann éasca go leor: "An clár teilifíse is fearr liom"

Cathal: Cad a scríobh tusa faoi sin?

Máire: Is breá liomsa an 'Ashley Banjo Secret Street Crew' Téann Ashley timpeall na tíre ag múineadh damhsa do gach cineál daoine: búistéirí, foirgneoirí, pluiméirí.. daoine ciotógacha le dhá chois chlé agus i gcúpla nóiméad bíonn siad thuas ar an ardán ag rince os chomhair a gcairde go léir. Ní chreidfeá riamh é!

Cathal: Ní thaitníonn an rince liom, a Mháire, is fearr liom 'Top Gear' ach níl a fhios agam ó thalamh an domhain cad a scríobhfaidh mé faoi!

Máire: Cén fáth nach scríobhfá aiste ar an gclár sin?

Cathal: B'fhearr liom aiste a scríobh ar 'Top Gear' ach tá sé deacair dom a dhéanamh. Bhain mé triail as cúpla uair ach níor éirigh liom.

**An Dara Mír**

Máire: O nach tusa an créatúr bocht! Is cailleach an uafáis tusa amach is amach gan aon amhras, a Chathail!

Cathal: Cén fáth go bhfuil tú do mo chur as m'ainm, a Mháire! Ní dhearna mise faic ortsa!

Máire: O ná bí chomh goilliúnach sin, a Chathail. Ní raibh mé ach ag magadh! Beidh mé sásta lámh chúnta a thabhairt duit fiú anocht má tá tú ag iarraidh.

Cathal: Bheinn an-bhuíoch díot dá ndéanfá a leithéid domsa, a Mháire! Cathain a thiocfaidh tú anall?

Máire: Caithfidh mé cabhrú le mo mham tamall ach beidh mé saor timpeall ar a seacht. An mbeadh sin ceart go leor?

Cathal: Bheadh sin ar fheabhas! Maith thú, a Mháire.

Máire: Má tá aon chlár den 'Top Gear' taifeadta agat cheana, a Chathail, Breathnaigh anois air, ar feadh nóiméid nó dhó agus scríobh síos cúpla rud faoi. Feicfidh mé ar ball thú!

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

# Track 3 – Southern dialect

## CUID C

### Píosa a hAon

Fógraíonn Foras na Gaeilge scéim nua chun maoiniú a chur ar fáil d'imeachtaí a eagraítear trí mheán na Gaeilge don aos óg. Tríd an scéim nua seo beidh maoiniú suas go dtí 5,000 euro curtha ar fáil d'imeachtaí oiriúnacha eagraithe trí Ghaeilge do dhaoine óga; imeachtaí a mbíonn mar aidhm acu an Ghaeilge a chur chun cinn, í a chothú agus a neartú. Ní mór imeachtaí feiliúnacha a eagrú a chuirfidh le deiseanna úsáide na Gaeilge do dhaoine óga agus iad á reáchtáil idir an chéad lá de Mheán Fómhair 2012 agus an 30ú de Mheitheamh 2013 Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Fhoras na Gaeilge ag 01 6616522.

### Píosa a dó

Ba chúis áthais dúinne gur bhuaigh Coláiste Alexandra an chéad duais i gcomórtas Chorn Bedell 2012. Fuair scoil Aston, An Scoil Ríoga Cabhán agus Coláiste Mhuire Chontae Mhuineacháin duaiseanna freisin. Táimid buíoch de gach scoil a ghlac páirt sa chomórtas i mbliana agus caithfear a rá go raibh Cumann na hEaglaise thar bheith sásta le hardchaighdeán an n-iarratas uile a cuireadh isteach. Beidh Comórtas Bedell ar siúl arís Mí Eanáir na bliana seo chugainn agus tá súil againn go mbeidh an spéis agus an caighdeán céanna i dtionscnaimh na n-iomaitheoirí uile a thógann páirt sa chomórtas sin.

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

# Track 1 – Northern dialect

## CUID A

### Fógra 1

Tá sé fógartha ag Ryanair go bhfuil siad ag tógáil cás cúirte in aghaidh gníomhaireacht taistil in Éirinn. Dar le Ryanair, go bhfuil Budget Travel ag tógáil eolais ó láithreán gréasáin Ryanair agus ag díol na n-eitiltí sin ar phraghsanna níos airde. Dúirt Ryanair gur thug siad spreagadh agus cead do shuímh a dhéanann comparáid idir praghsanna, breathnú ar a bpraghsanna féin ach nach raibh aon aontú acu le Budget Travel. Dar le Stephen McNamara, urlabhraí Ryanair, nach raibh an dara rogha acu ach dul i muinín an dlí chun an scéal a chur i gceart.

### Fógra 2

Bhí an Taoiseach Enda Kenny i láthair inné nuair a fógraíodh go mbeidh Paypal, an comhlacht ríomhaireachta, ag fostú 1,000 duine breise i nDún Dealgáin, i gContae Lú go luath amach anseo. Tá níos mó ná 1,500 duine fostaithe ag Paypal cheana féin ag an gceannáras Eorpach, atá suite i mBaile Bhlainséir, i mBaile Átha Cliath. Tuigtear go mbainfidh na poist nua seo le hionaid chúraim do chustaiméirí agus go gcuirfear tús leis an bpróiseas earcaíochta le linn an tsamhraidh seo chugainn. Bunaíodh Paypal sa bhliain 1998. Tá breis agus 123 mhilliún custaiméir aige go dtí seo, in 103 margadh éagsúla ar fud na cruinne.

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

# Track 2 – Northern dialect

## CUID B

**Comhrá a hAon**

**An Chéad Mhír**

Cathal: Gaitse anseo, a Mháire. Ar mhothaigh tú an scéal is déanaí faoi Sheán Ó Dónaill? Roghnaíodh é d'fhoireann iománaíochta na scoile inné. Caidé do bharúil faoi sin?

Máire: Rinne siad an rud ceart gan aon dabht. Achan uair a chím Seán

is amuigh a bhíonn sé ag traenáil go dícheallach sa pháirc.

Cathal: Ní raibh sé ag traenáil aréir agus bhí an múinteoir spóirt ag iarraidh fáil amach cad chuige sin. Nach bhfuil cluiche an-tábhachtach againn an Satharn seo chugainn. Bhí achan duine ag traenáil aréir ach amháin Seán Ó Dónaill! Is cladhaire ceart é an gasúr sin!

Máire: Ní cladhaire ar bith é, a Chathail. Is stócach é chomh breá agus a chonaic mé ar bhuille mo dhá shúil riamh!

Cathal: A Thiarcais, a Mháire, caidé tá tú a rá!

Máire: Tá mé a rá leat go bhfuil Seán agus mise ag siúl amach le chéile.

Cathal: Tá tusa ag siúl amach le Seán, *(le díomá ina ghuth)* a Mháire!

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

**An Dara Mír**

Máire: Tá. Tá muid le chéile le cúpla seachtain anois?

Cathal: Le Seán, leoga, shíl mé go raibh níos mó céille ná sin agat, a Mháire! Agus inis domh an raibh Seán leatsa aréir ?

Máire: Bhí. Chuaigh muid chun an scannán nua sin "Men in Black a Trí" a fheiceáil.

Cathal: Cad chuige go ndeachaigh sibh go scannán i lár na seachtaine?

Máire: Bhí dúil mhór againn sa scannán agus ba é mo bhreithlá fosta! Ní dhearna Seán, ar a laghad, dearmad air sin, a Chathail!

Cathal: Nach bhfuil a fhios agatsa go mbeidh cluiche ceannais againn an Satharn seo chugainn agus Seán amuigh ag déanamh aeir leatsa in áit bheith ag traenáil don chraobh?!

Máire: Spórt, spórt, spórt, an mbéarfaidh tú féin greim ar an bheagán céille a d'fhág Dia agatsa? Ní bheidh an fhoireann scoile thíos ná thuas má chaitheann Seán cúpla uair i bpictiúrlann an bhaile liomsa!

Cathal: O a Thiarna, is tú an duine is cadránta a chonaic mé riamh! Cha bheinn goitse ag caint leatsa a thuileadh faoi rudaí nach dtuig thusa choíche!

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

**Comhrá a Dó**

**An Chéad Mhír**

Cathal: Haigh, a Mháire, is doiligh liom na haistí mallaithe sin a tugadh dúinn a scríobh.

Máire: Tuige, a Chathail. Tá dhá cheann scríofa agam cheana agus tá sé ar intinn agam an tríú ceann a thosú anocht? Tá an chéad cheann furasta go leor: "An clár teilifíse is fearr liom"

Cathal: Caidé a scríobh tusa faoi sin?

Máire: Is breá liomsa an 'Ashley Banjo Secret Street Crew' Téann Ashley timpeall na tíre ag múineadh damhsa do achan cineál daoine, búistéirí, foirgneoirí, pluiméirí.. daoine ciotógacha le dhá chois chlé agus i gcúpla bomáite bíonn siad thuas ar an stáitse ag damhsa os chomhair a gcairde uilig. Ní chreidfeá riamh é!

Cathal: Níl dúil agam sa damhsa, a Mháire, is fearr liom 'Top Gear' ach níl a fhios agam ó thalamh an domhain caidé a scríobhfaidh mé!

Máire: Tuige nach scríobhfá aiste ar an gclár sin?

Cathal: B'fhearr liom aiste a scríobh ar 'Top Gear' ach tá sé doiligh a dhéanamh. D'fhéach mé lena dhéanamh cúpla uair ach níor éirigh liom.

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

**An Dara Mír**

Máire: O nach tusa an sampla bocht! Is cailleach an uafáis thusa amach is amach gan dabht ar bith, a Chathail!

Cathal: Caidé an scór a bhfuil tú ag tabhairt masla domhsa, a Mháire!

Ní dhearna mise a dhath ortsa!

Máire: O ná bí chomh goilliúnach sin, a Chathail. Ní raibh mé ach ag magadh! Beidh mé sásta lámh chuidigh a thabhairt duit fiú anocht má tá tú ag iarraidh.

Cathal: Bheinn an-bhuíoch díot dá ndéanfá a leithéid domhsa, a Mháire! Cá huair a thiocfaidh tú anall?

Máire: Caithfidh mé cuidiú le mo mham tamall ach beidh mé saor timpeall ar a seacht. An mbeadh sin ceart go leor?

Cathal: Bheadh sin ar dóigh! Maith thú, a Mháire.

Máire: Má tá aon chlár den 'Top Gear' taifeadta agat cheana, a Chathail, Amharc anois air ar feadh bomaite agus scríobh síos cúpla rud faoi. Chifidh mé ar ball thú!

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

## Track 3 – Northern dialect

### CUID C

**Píosa a hAon**

Fógraíonn Foras na Gaeilge scéim nua chun maoiniú a chur ar fáil d'imeachtaí a eagraítear trí mheán na Gaeilge don aos óg. Tríd an scéim nua seo beidh maoiniú suas go dtí 5,000 euro curtha ar fáil d'imeachtaí foirstineacha eagraithe trí Ghaeilge do dhaoine óga; imeachtaí a mbíonn mar aidhm acu an Ghaeilge a chur chun cinn, í a chothú agus a neartú. Ní mór imeachtaí feiliúnacha a eagrú a chuirfidh le deiseanna úsáide na Gaeilge do dhaoine óga agus iad á reáchtáil idir an chéad lá de Mheán Fómhair 2012 agus an 30ú de Mheitheamh 2013 Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Fhoras na Gaeilge ag 01 6616522.

**Píosa a dó**

Ba chúis áthais dúinne gur bhain Coláiste Alexandra an chéad duais i gcomórtas Chorn Bedell 2012. Fuair scoil Aston, An Scoil Ríoga Cabhán agus Coláiste Mhuire Chontae Mhuineacháin duaiseanna fosta.  Táimid buíoch d'achan scoil a ghlac páirt sa chomórtas i mbliana agus caithfear a rá go raibh Cumann na hEaglaise thar bheith sásta le hardchaighdeán na n-iarratas uile a cuireadh isteach. Beidh Comórtas Bedell ar siúl arís mí Eanáir na bliana seo chugainn agus tá súil againn go mbeidh an spéis agus an caighdeán céanna i dtionscnaimh na n-iomaitheoirí uile a thógann páirt sa chomórtas sin.

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

**Foclóir Comparáideach idir na Canúintí**

Below some of the differences in vocabulary in the two aural texts. It must be emphasised that much of the vocabulary is encountered to some extent in both Northern and Southern speakers' vocabulary, for example *'Cad chuige?'* is used by all fluent Irish speakers today, however the pronunciation and frequency of an expression may vary between dialects and expressions may also have a slight difference in usage or meaning.

| **Canúint Uladh** | **Canúint an Deisceart** | **Béarla** |
|---|---|---|
| Gaitse anseo! | Tar anseo! | *Come here!* |
| a Mháire! | a Mháire! | *Mary!* |
| ar mhothaigh tú… | ar chuala tú… | *Did you hear..?* |
| caidé do bharúil…? | cad é do thuairim…? | *what is your opinion?* |
| achan uair a chím… | gach uair a fheicim… | *every time I see…* |
| Cad chuige sin? | Cad ina thaobh? | *Why?* |
| achan duine | gach duine | *every person* |
| ar bhuille mo dhá shúl | ar a bhfaca mé | *that caught my eye* |
| Caidé atá tú a rá? | Cad tá á rá agat? | *What are you saying?* |
| stócach | leaid | *guy* |
| Leoga! | Muise! | *Indeed!* |
| Inis domh! | Inis dom! | *Tell me!* |
| Bhí dúil againn ann. | Thaitin sé linn. | *We liked it.* |
| fosta | freisin | *also* |
| in áit + *ginideach* | in ionad + *ginideach* | *instead of* |
| cadránta | ceanndána | *obstinate* |
| Tuige? | Cén fáth? | *Why?* |
| furasta | éasca | *easy* |

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

| | | |
|---|---|---|
| achan cineál | gach cineál | *every kind* |
| cha bheinn.. | ní bheinn… | *I would not be…* |
| bomáite | nóiméad | *moment* |
| uilig | go léir | *all* |
| Tá sé doiligh. | Tá sé deacair. | *It is difficult.* |
| an sampla bocht | an créatúr bocht | *poor thing* |
| domhsa | domsa | *to me* |
| Ní dhearna mé a dhath. | Ní dhearna mé faic. | *I didn't do a thing.* |
| lámh chuidigh | lámh chúnta | *helping hand* |
| Cá huair? | Cathain? | *When?* |
| ar dóigh | ar fheabhas | *excellent* |
| ar dóigh | ar fheabhas | *excellent* |
| chífidh mé… | *feicfidh mé…* | *I shall see…* |

**Foclóir**

**Fógra a hAon**

**fógartha** announced
**gníomhaireacht** agency
**láithreán gréasáin** from the internet site
**spreagadh** encouragement
**breathnú ar a bpraghsanna** to look at their prices
**aontú** agreement
**urlabhraí** spokesperson
**dul i muinín an dlí** to resort to the law

**Fógra a Dó**

**fógraíodh** was announced
**comhlacht ríomhaireachta** computer company
**ag fostú** employing
**breise** additional
**níos mó ná** more than

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

**amach anseo** in *(the)* future
**ionaid chúraim** care centres
**próiseas earcaíochta** recruitment process
**bunaíodh** was established
**breis agus** more than
**margadh** market
**ar fud an cruinne** all over the globe

**Comhrá a hAon**

## An Chéad Mhír

**roghnaíodh** was chosen
**foireann** team
**barúil** opinion
**tuairim** opinion
**achan uair a chím…** every time I see…
**gach uair a fheicim** every time I see…
**cladhaire ceart** right waster, hopeless individual
**stócach** guy
**leaid** lad, guy
**agus a chonaic mé ar bhuille mo dhá shúil riamh** that I ever caught sight of with my two eyes
**ar a bhfaca mé riamh** of all I ever saw
**ag siúl amach le chéile** going out together

## An Dara Mír

**leoga** indeed
**maise** indeed
**aréir** yesterday evening
**níos mó céille** more sense
**Bhí dúil mhór againn sa scannán** we really like the film
**Thaitin an scannán go mór linn** we really like the film
**Cad chuige?** Why?
**Cén fáth?** why?
**i lár na seachtaine** in the middle of the week
**mo bhreithlá** my birthday
**fosta** also
**freisin** also
**cluiche ceannais** match final
**ag déanamh aeir** living it up, off having fun
**Ní dhearna Seán dearmad air sin** Seán did not forget that

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

**ar a laghad** at least
**don chraobh** for the championship
**An mbéarfaidh tú greim ar an bheagán céille a d'fhág Dia agatsa!** Would you *(ever)* hold on to the bit of common sense that God has left you!
**Ní bheidh an fhoireann thíos ná thuas má…** It will not affect the team in the slightest if…
**pictiúrlann an bhaile** *i.e.* the local cinema
**cha bheinn…** I would not be…
**ní bheinn…** I would not be…
**cadránta** obstinate, difficult to deal with
**ceanndána** obstinate, headstrong
**a thuilleadh** further, any longer, any more
**faoi rudaí nach dtig thusa choíche** about things you will never understand
**faoi rudaí nach dtuigfeása choíche** about things that you would never understand

**Comhrá a Dó**

<u>**An Chéad Mhír**</u>

**Is doiligh liom** it is difficult for me
**Is deacair liom it** is difficult for me
**na haistí mallaithe** these damn essays
**a tugadh dúinn** that were given to us
**Tuige?** Why?
**Cén fáth?** Why?
**cheana** already
**tá sé ar intinn agam** I intend
**furasta** easy
**éasca** easy
**caidé** what
**cad** what
**achan cineál** every kind
**gach cineál** every kind
**búistéirí** butchers
**foirgneoirí** builders
**pluiméirí** plumbers
**daoine ciotógacha** awkward people
**le dhá chois chlé** with two left feet
**i gcúpla bomáite** in a couple of minutes
**i gcúpla nóiméad** in a couple of minutes
**os comhair a gcairde uilig** in front of **all** their friends

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

**os comhair a gcairde go léir** in front of **all** their friends
**Ní chreidfeá choíche é!** You'd never believe it!
**Tá sé doiligh a dhéanamh.** It is difficult to do.
**Tá sé deacair é a dhéanamh.** It is difficult to do it.
**D'fhéach mé leis** I tried it
**Níor éirigh liom** I didn't succeed

## An Dara Mír

**an sampla bocht** the poor thing
**an créatúr bocht** the poor thing
**cailleach an uafáis** old woman given to hysterics, a person who is getting into a panic over nothing
**amach is amach** completely and utterly
**Caidé an scór a bhfuil tú ag tabhairt masla domh!** What's the score with you insulting me?
**Cén fáth go bhfuil tú do mo chur as m'ainm?** Why are you insulting me? *(literally: Why are you putting me out of my name?!)*
**Ní dhearna mise a dhath ortsa!** I never did anything against you!
**Ní dhéana mise faic ortsa!** I never did anything against you !
**goilliúnach** sensitive, touchy
**Ní raibh mé ach ag magadh!** I was only joking!
**lámh chuidigh** helping hand
**lámh chúnta** helping hand
**cuidiú le mo mham** to help my mum
**cabhrú le mo mham** to help my mum
**fiú anocht** even tonight
**má tá tú ag iarraidh** if you want
**Bheinn an-bhuíoch díot...** I would be very grateful to you...
**dá ndéanfá a leithéid** if you were to do such a thing
**Cá huair?** When?
**Cathain?** When?
**saor** free
**ar dóigh** excellent
**ar fheabhas** excellent
**Maith thú!** Good for you! You are great!
**taifeadta** recorded
**cheana** already
**Chifidh mé ar ball thú!** I shall see you shortly!
**Feicfidh mé thú ar ball!** I shall see you shortly!

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.

# Irish Leaving Certificate Higher Level Podcast 1

### Píosa a hAon

**fógraíonn** announces
**scéim nua** new scheme
**chun maoiniú a chur ar fáil** in order to provide finance
**imeachtaí** events
**a eagraítear** that are being organized
**don aos óg** for young people
**curtha ar fáil** provided
**imeachtaí foirstineacha** appropriate events
**imeachtaí oiriúnacha** appropriate events
**a mbíonn mar aidhm acu** that *(they)* have the aim
**an Ghaeilge a chur chun cinn** to promote Irish
**í a chothú** to foster it
**í a neartú** to strengthen it
**imeachtaí feiliúnacha** suitable events
**a chuirfidh le** that will contribute to
**deiseanna úsáide** opportunities of using
**agus iad á reáchtáil** and to run them
**Meán Fómhair** September
**Meitheamh** June
**tuilleadh eolais** further information

### Píosa a Dó

**ba chúis áthais** it was a cause of joy
**gur bhain Coláiste Alexandra an chéad duais** that Alexandra College won first prize
**gur bhuaigh Alexandra College** that Alexandra College won
**fosta** also
**freisin** also
**buíoch d'achan scoil a ghlac páirt** grateful to every school that took part
**buíoch do gach scoil a thóg páirt** grateful to every school that took part
**comórtas** competition
**i mbliana** this year
**caithfear a rá** it has to be said
**Cumann na hEaglaise** The Church Society
**thar bheith sásta** extremely pleased
**ardchaighdeán na iarratas** the high standard of applications
**ar siúl arís** on again
**caighdeán céanna** the same standard
**tionscnaimh** projects
**iomaitheoirí** contestants

© www.learnforeignlanguageskills.com
Photocopying this material is prohibited without our consent.
Contact: info@learnforeignlanguageskills.com
The audio material which accompanies this written material cannot be duplicated in any way.